

*"Is í an Ghaeilge Athghabháil na hÉireann, agus is í Athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge"*

# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

Máirtín Ó Cadhain

£1.00

491.62
OCA



*"Ní le cantalóirí, ná le hollúna, ná leis an Ghaeltacht an Ghaeilge. Is leis an chine í. Mar theanga chine, agus ní mar theanga ollúna ná cúpla ceantair iargúlta atá beatha i ndán di."*



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

Máirtín Ó Cadhain

Foilsiú Feirste

10443
491.6
ST. PATRICK'S COLLEGE LIBRARY



24976749
ACC. 104431
CLASS 491.62/ÓCA
23/6/92
£2.00

# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach ii*

# Arm Cathartha na nGaeilgeoirí abú!

*I mbliain a bháis a d'fhoilsigh Misneach an paimfléad Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae, téacs de léacht a thug an Cadhnach do Chomhdháil an Chomharchaidrimh i dTír Chonaill an mhí Iúil roimhe sin. Tá dhá chúis againn le hé a chur amach arís anois.*

*An chéad rud ba mhaith linn ómós a thabhairt do Mháirtín Ó Cadhain fiche bliain i ndiaidh a bháis. Náire shaolta é a laghad de shaothar an Chadhnaigh atá i gcló - go bhfóire Dia orainn, níl teacht ar* **Chré na Cille** *féin - agus shíleamar beagáinín beag a dhéanamh i dtreo an scéal sin a chur ina cheart leis an athfhoilsiú seo. Is é ár nguí go spreagfaí na foilsitheoirí móra chun iomlán shaothar Uí Chadhain idir chruthaíoch agus pholaitiúil a chur ar fáil arís agus a choinneáil ar fáil leis an urraim atá ag dul do dhuine de mhórscríbhneoirí na linne; mura dtig toradh ar an ghuí sin san aicearracht féachfaidh* **Foilsiú Feirste** *chuige nach bhfágfar glúin Gael eile dall ar a n-oidhreacht. Creidimid nach n-iarrfadh an Cadhnach níos mó mar chomhartha ómóis ar ar thug sé ar son na hÉireann ach go léifí a shaothar; macasamhail ár mór-éigse eile - Ó Conaire agus Mac Grianna gan a lua ach beirt - is deacair a shaothar a léamh is a mheas nuair nach bhfuil na téacsanna ar fáil.*

*Tábhacht scríbhínní polaitiúla Uí Chadhain d'Éirinn an lae inniu an dara cúis athfhoilsithe. Cé go bhfuil tagairtí sa chaint seo a bhaineann go dlúth leis an am ar dúradh í, níl focal di nach bhfuil lán chomh fíor anois is a bhí sé fiche bliain ó shin. Ní amháin nach ndéarfadh fear Rialtais inniu go gcuirfear an Ghaeilge i gcionn* **by hog, dog or devil,** *ach is cúis maíte é ag furmhór mhuintir Theach Laighean an méid atá á dhéanamh acu chun an teanga a bhrú amach as saol na tíre seo ar fad. Ní thig a rá gur tháinig athrú ar bith ar*



*na heagraíochtaí Gaeilge atá in ainm is a bheith ar thús cadhnaíochta sa réabhlóid teanga le fiche bliain anuas ach gur compordaí agus gur suaimhní na peataí tí Rialtais iad ná riamh. Cad é a déarfadh Ó Cadhain dá bhfeicfeadh sé Uachtarán Chonradh na Gaeilge ag dúbláil suas mar chathaoirleach Bhord na Gaeilge? Cé anois a sheasfaidh an fód in éadan "neamhshuim mharfach na Sé Chontae Fichead"? Agus, ó tharla Raidió na Gaeltachta, mura bhfuil an riachtanas céanna ar fud na tíre le "stáisiún rúnda Raidió" - cé go bhfuil práinn lena leithéid i mBéal Feirste - is ríléir go gcaithfidh tús as chur le stáisiún rúnda teilfíse roimh i bhfad má táimid leis an Rialtas a bhogadh ar an cheist ar chor ar bith.*

*Is iomaí slí a bhfuil cúrsaí na Gaeilge i ndiaidh dul in olcas le fiche bliain anuas. Tá deireadh leis na coláistí ullmhúcháin, tá deireadh leis an Ghaeilge mar riachtanas iontrála don Státseirbhís, tá RTÉ imithe chun donais ar fad. Le déanaí thaispeáin an tAire Oideachais Mary O'Rourke gurb í comharba ceart Paddy Faulkner í nuair a d'fhógair sí nach mbeadh Gaeilge de dhíth ar mhúinteoirí áirithe sna 26 Chontae feasta. Agus is é mo thuairim féin gur ghlac an Taoiseach aireacht Roinn na Gaeltachta air féin an chéad lá riamh de thairbhe go ndearna sé dearmad a leithéid d'oifig a bheith ann agus é ag dáileadh na bpostanna móra ar a chuid fear agus ban, eachtra más fíor dom féin a chuireann in iúl go beacht an tábhacht a cheanglaíonn Cathal Ó hEochaidh le hathréimiú na Gaeilge.*

# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach iii*

*Mar sin féin, moltar Glór na nGael go fóill agus ba bhreá liom fáil amach cad é a shíleann Ó Cadhain inniu d'fhás rábach na nGaelscoileanna. Nach dtógfadh sé spreagadh millteanach ó na naíonraí agus na bunscoileanna ó thuaidh atá ag dul ó neart go neart ainneoin "naimhdeas mór" Stormont, ó LÁ, ón bhorradh atá le tabhairt faoi deara sa phobal Gaeilge ar fud na Sé Chontae agus a bhfuil a thionchar féin aige*



*ar Ghaeil Éireann uilig go léir?*

*Fiche bliain i ndiaidh bhás Uí Chadhain is soiléire ná riamh cad é a bhí i gceist aige nuair a thug sé an chaint seo: tá de chumas i bpobal na Gaeilge ar fud na tíre a chinntiú, mar a dúirt sé féin in áit eile, go mbeidh glúin Éireannach ann faoin bhliain 2,000 a mbeidh glactha acu leis an Ghaeilge mar theanga labhartha na tíre. Is féidir an Comhthionól Gaelach - sé sin an Ghaeltacht agus rud ar bith taobh amuigh di - a chothú is a eagrú ach cur chuige. Ní raibh gluaiseacht na Gaeilge in inmhe na hoibre fiche bliain ó shin agus is lú go mór a hábaltacht inniu, ach ní thig leis an phobal ligean di bac a chur orainn níos mó. Tá an t-am ag dul isteach. Caithfimid focail Uí Chadhain sa phaimfléad seo a léamh go cúramach agus iad a chur i gcomhthéacs lae inniu. Ansin gníomhú. Níl gach rud anois mar a bhí i 1969, nó 1970, ach tá an bealach mór ceanann céanna romhainn inniu is a bhí roimh Mháirtín Ó Cadhain fiche bliain ó shin. B'fhéidir nár shiúlamar rófhada síos an bealach mór sin go fóill - bealach cas geal Mhic Ghrianna, ród anróiteach Uí Chonaire, an bóthar go dti gealchathair Uí Chadhain - ach is fearr mall ná go brách. Siúlaimis. Bualadh Arm Cathartha na nGaeilgeoirí, arm Uí Chadhain, chun bóthair agus chun na bua.*

*Gearóid Ó Cairealláin,*
*Satharn 20 Deireadh Fómhair 1990*

**Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae**

*leathanach iv*



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 1*

Níl mo chuid cainte in ainm is móran de bhaint a bheith aici leis na Sé Chontae, cé gur chóir go mbeadh baint ag mo phríomh-mholtanas leo. Is beag eolas atá agam ar chúrsaí na Gaeilge sna Sé Chontae. Mar ghluaiseacht teanga is dóigh nach é an oiread sin de bhiseach ar a bhfuil á dhéanamh faoi láthair a d'fhéadfadh an Conradh a dhéanamh i gCúige Uladh. D'fhéadfadh Náisiúntóirí na Sé Chontae rud mór a chur ann don Ghaeilge in Éirinn dá mbeidís cáinteach ar neamhshuim na Sé Chontae Fichead fúithi. Sin caoi nach raibh siad riamh. Is mó naimhdeas Stormont dar ndóigh. Ach as deireadh na cúise is marfaí neamhshuim na Sé Chontae Fichead ná naimhdeas ar bith.

Is dóigh go raibh a bharúil féin ag gach duine ó thús i dtaobh ghluaiseacht na Gaeilge, de réir na gcuspóirí eile a bhí snaidhmthe ag an duine le cúis na Gaeilge. Agus bhí cuspóiri eile snaidhmthe le hAthbheochan na Gaeilge mórán ó thús. Samhlaíodh ó thús gur cuid den chúis meas a bheith againn orainn féin mar dhaoine agus mar chine. Ar mhaithe leis an meas seo bhac an chúis muintir na hÉireann faoin bpota Pádraig a ól. Fógraíodh go raibh nósanna áirithe ar leith againn a ba chóir dúinn a chaomhnú mar mhuintir. Rud nach raibh chomh cultúrtha ach ar den chultúr é, mar sin féin, rud freisin a bhí fíorghar don pholaitíocht, ba ea an teagasc faoi dhéantúis na hÉireann, teagasc a ghlacfadh cinnire polaitíochta chuige féin go gairid.

Tháinig athrú polaitiúil i gcúrsai na cúise nuair a athraíodh Bunreacht nó Cóiriú Chonradh na Gaeilge i 1915. Tá barúil ag duine dá bhfanfadh an Craoibhín feidhmiúil sa gConradh go dtiocfadh athruithe móra eile leis na blianta. Ní dóigh liom go bhféadfadh duine ar bith a rá gurb ionann Gluaiseacht na Gaeilge in aon ghné di inniu leis an nGluaiseacht a bheartaigh an Craoibhín, Eoin Mac



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 2*

Néill agus an tAthair Ó Gramhna.

Bhí agus tá iarrachtaí á ndéanamh le hathruithe a thabhairt chun críche. Ba mhór an t-athrú eagras atá dáiríre neamhspleách a bheith i gCúige Uladh, ach b'éigean sin de bharr an dá stát. Bhí an Cogadh Cathartha níba dhíbircí sa gConradh, b'fhéidir, ná in aon áit eile i saol na tíre. Nuair a chinn ar na Státairí greim a fháil go baileach ar Chonradh na Gaeilge, d'fhéach siad le é a chur de dhroim seoil. Ba mheasúla go mór **bureaucracy** Gaeilge an stáit nua - lucht na Veisteanna Bána mar thug Séamas Mac Grianna orthu - ná Conradh na Gaeilge. Dearmad a dhéanann naimhde na Gaeilge go síleann siad gur teanga ag **bureaucracy** an Rialtais í an Ghaeilge agus go bhfuil siad sin á héigniú ar dhaoine eile. Ní raibh sin amhlaidh riamh. Go luath i saol an Stáit, dúirt Seoirse Mac Niocail, go poiblí, **by hog, dog and devil,** go gcuirfí an Ghaeilge i gcion. Ba dhona a bhí a anáil fuaraithe san am a raibh an chaint sin séanta ag an Aire Airgeadais, Leasuachtarán an Rialtais, fear mór na Gaeilge, Earnán de Blaghd. Ar a laghad ar bith rinneadh an chaint sin. Ní dhéanfaí inniu í.

Rinne na seanChonraitheoirí a thaobhaigh leis an Stát nua sna fichidí agus na daoine eile a thaobhaigh sna tríochaidí le hoidhrí nua an Stáit sin, daoine ar nós an tSeabhaic, agus Airt Uí Riain, iarrachtaí le cumainn eile a thionscnamh i gcoimhlint le Conradh na Gaeilge. Bhíothas ag súil le go seargfadh Conradh na Gaeilge faoina n-anáil sin mar adeirtí go seargfadh an Stát féin sa Rúis faoi anáil an Chomhchumannachais. Níor éirigh leo sin. Shéalaigh siad as ó cheann go ceann. Is dóigh gur choinnigh siad cúl ar Chonradh na Gaeilge ó chuid den seanspionnadh a bhí inti roimh 1921 a ghabháil ar ais. B'shin é a gcuspóir, ar ndóigh. Sna ceathrachaidí féin le linn an Chogaidh, bhí Conradh na Gaeilge fós i riocht rud dothairgthe a dhéanamh, geáitse réabhlóideach a chur air féin.



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 3*

Thuig de Valera nárbh fhéidir a bheith muiníneach as. Má bhí athrú ag teacht níor dhóide beirthe nó b'athrú réabhlóideach é. D'fhéach sé chuige nach dtiocfadh. Chuir sé an frithbheart ar siúl, Seanad lánchumhachtach na teanga, Bráithreachas na Poblachta i gceannas ar Óglaigh na hÉireann, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Séard is mó is díol cuimhne le duine gur iarr de Valera, lá tionscanta na Comhdhála i dteach an Árdmhéara, trí gháire chnoic d'easpag Afracach éigin a bhí sa láthair. Geáitse deas beannaithe polaitíochta, déarfá.

Mar sin féin, an dream ar éirigh smacht na Comhdhála leo ar dtús as *coup d'état*, ba dhream forásach go leor iad faoi cheannas an Chomhchaidrimh. Ach ba bheag nach ndearna siad sin féin frithbheartaigh, **reactionaries,** ar áit na mbonn. Ba leor go raibh Glúin bhiogóideach na Bua ann, dream a bhí ag cliúsaíocht gairid roimhe sin le smaointe na bhFaisisteach agus na Naitsíoch. **Enfin vint Malherbe,** an Blaghdach, le bheith ina chathaoir smála ar an gCómhdháil.

Bhain an Chomhdháil amach an cuspóir a chuir de Valera in áirithe di, gan aon teacht aniar ná aon déantús maitheasa a bheith inti féin ach easaontas a bhuanú agus a bheith ina ceap tuisle ar aon ghluaiseacht eile. Is lárionad í don mheasúlacht, do na frithbheartaigh, do na beagmhaitheasaigh, do na cipiléirí, riamh ó shin. Mandairineáid meamramaíle í, párfhlaitheas is plúchtaí ná tríú Poblacht na Fraince a rinne sraith ar lár chomh réidh sin roimh na Gearmánaigh i 1940.

Ó thús, bhí freasúra idir Conradh agus Comhdháil. Go drugallach stuacach a bhí an Conradh páirteach in eagras na Comhdhála a bhí ina rud chomh haimhréidh sin go gcaithfeadh sé go mba threifideacht as ceann de Valera féin a bhí ann. Ba iad malairt na rudaí a bhí á moladh ag an



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 4*

gComhdháil a dhéanadh an Conradh, lena neamhspleáchas féin a fhoilsiú is dóigh. Mar shampla, i dtús na gcaogaidí, bhí daoine chomh corraithe sin faoin nGúm gur léir go dtiocfadh athrú. Bord foilsitheoireachta stáit a bhí an Chomhdháil ag moladh. Ina suí ag an gcruinniú céanna bhí méaranna tarcaisneacha sínte ag ionadaithe an Chonartha: "Bord stáit! An bhfeiceann sibh é?" Táillí, mórán an rud céanna atá i mBord na Leabhar Gaeilge, a mhol siad féin.

Is mó srian a choinnigh an Chomhdháil ar an gConradh ná a mhalairt. Fuair an Chomhdháil cipiléireacht éigin i gcónaí le déanamh. Bhí an frithbheartach mór, Mac an Bheatha, bréagtha le comhairle a thabhairt don Chonradh aon uair, i dtaobh a ndearmaid gan a bheith ag leanúint ar a lorg féin. D'éirigh an Conradh as na rúin cháinteacha a raibh feidhm éigin leo i gcónaí riamh. Ba dheacair don Chonradh faoin ngrian dhalltach mheasúlachta seo gan a dhul i measúlacht iad féin. Chuaigh. Ní féidir an geáitse meathréabhlóideach féin a shamhlú leis an gConradh anois, poblachtóir aithnid éigin á ainmniú, mar dhúshlán, ina uachtarán air. Le blianta anois, mar chomhartha cosanta is dóigh, is ag deasú níos gaire don fhoras is caomhnaithí in Éirinn, Cumann Lúthchleas Gael, atá sé.

Múille aimrid í an Chomhdháil. Níor thosaigh sí tada fós ariamh, fiú an Club Leabhar féin, ach na rudaí míthreoireacha. Cuimhníonn cuid agaibh, b'fhéidir, ar na táinte sínithe a cruinníodh ón bpobal ar son na Gaeilge. Is feasach dom gur síos le fána i leithreas a tligeadh na mílte acu. Dúirt cuid againn gur leibideach an mhaise dóibh na múrtha fáilte a chuir siad roimh Pháipéar Bán na Gaeilge nárbh fhiú do sheacht mallacht é. Tá na fáinní ag dul i líonmhaireacht ar chostas na ndaoine in aghaidh an lae - agus an Ghaeilge ag dul chun laige. Phoibligh siad, i gcomhar leis an Chonradh, achainí



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 5*

"na ndaoine measúla" le gairid. Is é comhartha corpanta na measúlachta seo, dinnéir choistí na Comhdhála sna hóstáin mhóra, aithris ar Thaca agus ar Ridirí Cholambáin nach foláir duit a bheith i do chomhalta díobh le poist arda na Comhdhála a fháil. An féidir le duine ar bith rud ar bith a chur ar son na galamaisíochta seo trí chéile? Breá nach gcuireann an Rialtas a ladhar isteach anseo agus comhtháthú nó **merger** a chur i gcion orthu? Tá airgead á chaitheamh ar oifig, ar fheisteas agus ar chóiriú catha oifige, tar éis go ndéanfadh an oifig eile, ceann an Chonartha. Tá airgead á chaitheamh ar fheidhmeannaigh arb é a n-aon fheidhm a bheith ag bogadach timpeall ina scannail chorpanta don LFM agus do naimhde eile na Gaeilge agus ina síor-ogach do shíorfhaillí an Rialtais sa nGaeilge, arae gach uair a bhfeiceann Aire Rialtais duine acu ina chóiriú catha, líonann a chroí lán de dhóchas agus de mheanmna, déarfadh sé go bhfuil chuile shórt i saol na Gaeilge ar fheabhas agus codlóidh sé eadra eile ar an gcneá sin!

Ní dea-chosúlacht é faoin gConradh, **Inniu**, páipéar Mhic an Bheatha, a bheith moltanach go leor air le fada. An chlaíteacht is mó sa gConradh, b'fhéidir, a dhoicheall le haon athrú tar éis gur rud é athrú atá dosheachanta. Mar sin féin, is minic an Conradh ag cur chuige amhail is dá mba rud inseachanta athrú ar bith. Is cosúla Conradh na Gaeilge inniu leis an gConradh a bhí ann i 1900 ná an Eaglais Chaitliceach Romhánach inniu leis an gceann a bhí ann i 1950 go mór fada. Labhair mé ar Mhandarineáid ar ball. Is údar faitís liom na mealltracha móra plúchtacha **tradition - tradition** marbh a lán de - a fheicim caite timpeall agus a mbíonn an-tóir againn filleadh air, an chuid mharbh agus eile. Scríobh Dónall Ó Corcra roinnt leabhrán ag míniú céard é Conradh na Gaeilge, **What is this about the Gaelic League,**



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 6*

agus mar sin. Ba **tradition** ann féin de chuid Chonradh na Gaeilge agus níorbh é an **tradition** ba mheasa é, ar ndóigh, gurbh é Dónall Ó Corcra agus nach aon duine eile a scríobhfadh na leabhráin sin. Tá **tradition** den chineál céanna ag Cumann Lúthchleas Gael, nach mbeadh sé sona dá mb'aon duine eile ach Bryan Mac Mahon a scríobhfadh a gcuid tóstail faoin aer i gcóir Pháirc an Chrócaigh. Níl a fhios agam ar léigh na Conraitheoirí caint an Chorcraigh faoi Chonradh na Gaeilge. Scéal cinnte nach é an mheabhair cheart a bhain siad aisti.

Sé príomhshaothar na bliana ag an gConradh anois Oireachtas na Gaeilge a bhíos ann amach sa bhFómhar. Eisteddfod na Breataine Bige ba mhúnla dó an chéad uair ariamh. As an mBreatain Bheag a tháinig an spreagadh don mhórchuid d'imeachtaí cultúrtha Chonradh na Gaeilge. As sin, freisin, a tháinig an col a bhí ag an gConradh le polaitíocht. Tá sé ionann is dothuigthe gur fhéad an ghluaiseacht ab Éireannaí in Éirinn fanacht glan ar pholaitíocht os cionn fiche bliain.

Bhí an tOireachtas ar lár i ndáil le ar feadh fiche bliain, nó gur athbhunaíodh é i mbéal an chogaidh seo caite. Is iomaí rud a tharla idir an dá linn. Bhí Stát Éireannach ann le fiche bliain, bhí an Ghaeilge fiche bliain á múineadh go forleathan sna Sé Chontae Fichead agus bhí sé ráite i mBunreacht na tíre gurb í an chéad teanga oifigiúil sa Stát í. Bheadh duine ag súil, sa mbliain 1939, nach é an tOireachtas céanna a bheadh ann a bhí ann i 1919 - ní áirím i 1899. Chuimhneodh duine go gcaithfeadh athrú a bheith sa nós imeachta agus sna cineálacha comórtais. Féile Ghaeilge, deile, ach níor chall gur féile chultúrtha í go huile agus go hiomlán. Cheapfá go bhféachfadh na hathbhunaitheoirí seo ar an saol nua, go dtabharfaidís mearfhéachaint ar an saol nár tháinig fós. Creidim go raibh daoine i láthair ag an Oireachtas athbhunaithe sin a bhí i láthair freisin



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 7*

ag an gcéad Oireachtas deich mbliana fichead roimhe sin. Ba mhó a bhí i láthair ag an gcéad Oireachtas, b'fhéidir. Ba mhó an spleodar freisin, b'fhéidir. Ach b'fhéidir gurb é an chéad rud a thabharfadh na seanfhondúirí faoi deara nárbh é an t-ionad céanna é. Idir Óid agus achan sórt, is é macasamhail an Eisteddfod é an tOireachtas. Sna **mesurau caeth**, leagan Breatnaise an dáin dhírigh, a chaitheas dán na Cathaoireach san Eisteddfod a bheith. Ní cosúil go bhfuil duine ar bith in Éirinn anois toilteanach anró cumadóireachta sa dán díreach a chur air féin. Ach tá iarracht aithrise air san Oireachtas. Sna meadair thraidisiúnta a chaithfidh cuid den fhilíocht a bheith. Is iontach an rud **tradition** a bheith déanta againne de nósanna Breatnacha arb é cumadóireacht Iolo Morgannwg sa 18ú céad go leor acu.

Thogh mé an tOireachtas mar shampla maith de lón a bhfuil goile na Gaeilge stuáilte leis. Ní ag cáineadh an Oireachtais atá mé. Tá sé ag déanamh leasa ar bhealaí. Roinnt blianta ó shin, thug mé féin léacht ar bhéaloideas. Bíodh mo thuairimí ceart contráilte, bhain siad cuid mhaith cainte amach. Thairg eagarthóir pháipéar Chonradh na Gaeilge an léacht a fhoilsiú. Fuair sé amach láithreach gurbh fhusa sin a rá ná a dhéanamh. Chuir oifigigh an Chonartha go nimhe neánta ina aghaidh. Bhí Conradh na Gaeilge i gcónaí ag cothú an bhéaloidis. Seo leagan nua den chath ab éigean don Phiarsach agus do Phádraig Ó Conaire a chur ar Henebry agus ar Old Ireland.

Sampla eile de, na céilithe, agus ar ndóigh, na feiseanna. Tá an Conradh ag coraíocht le iad sin a choinneáil beo ach is snámh marfach in aghaidh na heasa é, eas phlúchtach an tsaoil nua nach bhfuil aon ghlacadh aige le modhanna oibre atá na blianta as dáta. Modh oibre nó teicníc a bhí sa bhFeis, cé gur meas **tradition** ab áil leis an



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae



gConradh a bheith uirthi.

Is beag a d'athraigh na craobhacha ná an déanamh atá orthu. Bíonn an rang Gaeilge acu mar bhíodh fadó cé gur ghaire do leas go minic anois dá mba rang ar ghiotamáil tí é nó ar chipiléireacht faoin bhfeilm. Is de shampla agus de ghníomhaíocht an Chonartha riamh anall go dtí an lá inniu ann cuid mhaith den mhilleán faoin míleas atá á bhaint as na Coláistí Samhraidh Gaeilge. I mo cheantar féin, bhí Coiste na bPáistí ag an gConradh, is é sin Coiste Bhaile Átha Cliath, agus lig sé uaidh é. I mbinn de mo pharóiste féin, bhí seacht gcéad páiste thar bhaile amach sáinnithe isteach ag freastal ar Choláiste Gaeilge i mí seo an Iúil i mbliana. Beidh a chomhmhéid sin ann i Mí Lúnasa. Cén mhaith do leanbh ar bith den seacht gcéad sin a bheith ag dul go dtí an coláiste áirithe sin, seachas go dtí coláiste i gceantar nach labhraítear Gaeilge ar bith, Carraig an Chobhaltaigh, cuir i gcás, nó Baile an Sceilg, nó an Fhaing? D'fhéadfaidís an oiread céanna Gaeilge a fhoghlaim ag cúrsa in áit ar bith. Níos mó leis na modhanna nua teagaisc. Siad na coláistí Gaeilge na rudaí is seanaimseartha i dtír seo na seanaimsearachta, Éire. Níl gasúr ar bith nach mbíonn ag freastal ar an gcoláiste i dteideal deontas na Roinne a fháil. Chuir mé féin gasúr go Conamara an lá cheana. Tá Gaeilge aici chomh maith lena comhaoiseacha thiar. Ní ligfinn ag coláiste Gaeilge í, mar go millfí a cuid Gaeilge ann. Mar sin, ní bhfaigheadh sí an deontas.

Cuid den chrann smola atá ar an nGaeilge go bhfuil chuile shórt dá mbaineann léi snaidhmthe le scolaíocht. Ní bhfaigheadh gasúr deontas deich bpunt na Gaeilge sa nGaeltacht dá mbeadh sé céad uair ina chainteoir dúchais chomh hiomlán le Seanchán Torpéist, d'uireasa an oiread seo laethanta a bheith curtha isteach sa scoil aige an bhliain sin. Shilfeá gur cuntar é a cuireadh ann



d'aon úim lena ndóthain Gaeilge le cáiliú a bheith foghlamtha sa scoil ag muintir na gceantar seo nach í an Ghaeilge a labhraítear iontu. Scoil! Scoil! Scoil! Agus tá an cuntar céanna faoi dhul ag scoil nó ag coláiste ag baint leis an deontas nua £1 sa tseachtain do mhná tí. Sin é an t-aon scéim amháin a raibh Aireacht na Gaeltachta in ann cuimhneamh air. Ní chreidim go bhfuil na coláistí Gaeilge seo ag fónamh d'aon duine as deireadh an chúrsa ach do na daoine ar leo iad. Ní fheicim leas ar bith don Ghaeilge féin iontu sa riocht ina bhfuil siad faoi láthair, ar aon nós. Níl iontu ach **tradition** eile atá fanta ar liobarna i ndiaidh a maith a bheith tugtha agus imithe.

Tá daoine ann ar maith leo a rá gurb í Gaeilge Chonamara atá acu, gur chaith siad trí seachtaine sa gCeathrú Rua. Chonaic mé múinteoir Gaeilge nach n-admhódh gurbh fhiú Gaeilge a fhoglaim ar bhealach ar bith eile ach as Leabhráin Uí Ghramhna. Chonaic mé poblachtóiri a chreid, ní hé amháin sa láimh láidir mar mhodh nó mar mheán le saoirse na tíre a bhaint amach, ach mar chríoch inti féin. An t-aon bhealach ba chóir an tsaighdiúireacht a fhoghlaim ba go rúnda é agus i ngan fhios don dlí. Nuair a mhol cuid againn gur chuma cén chaoi a bhfhoghlaimeodh duine é ach an t-eolas a chur chun fónaimh leis an gcuspóir a bhaint amach, cuireadh faoi their muid. Is contúirt í seo nach bhfuil lucht na Gaeilge saor uaithi ach an oiread.

Tá gné eile den **traditionalism** seo ann atá ag bascadh chúrsai na Gaeilge. Sí an tuairim dheimhin í má tá duine ag dul do chúrsaí na Gaeilge nó má chreideann sé sa nGaeilge go gcaithfidh sé de riachtanas a bheith gafa le rudaí eile tharais a chéile. Is cuid d'**ethos** an Ghaeilgeora a bheith leis an GAA. Sa mhéid go bhfuil suim i gcluichí ar bith ag cuid againn is sa gcineál a dtugtar cluichí Gaelacha orthu é. Sin iad an chéad

## Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 10*

bhia sa sliogán dúinn, an t-aon chineál a mbainfimis aon taitneamh astu. Ach ní ionann ar chor ar bith linn na cluichí féin agus Cumann Lúthchleas Gael. Níl maith ar bith i gCumann Lúthchleas Gael don Ghaeilge. Tugtar a dhúshlán. Caithfear gluaiseacht na Gaeilge a dhealú amach uaidh. An chéad rud a dhéanfas gluaiseacht leasaithe Gaeilge iarraidh ar Chumann Lúthchleas Gael a ndualgas a dhéanamh don teanga agus iad a chur i gcoimhlint le heagrais eile cluichí, ó iarradh ar na heagrais eile cuidiú linn freisin. Is cóir rudaí dearfa a iarraidh orthu ar fad agus cairde áirithe lena gcomhlíonadh. Níor mhiste liom cúpla míle Gaeilgeoir a fheiceáil ag dul isteach i nDalymount agus a suaitheantais aitheantais - Fáinní a bheadh ar cíos acu le haghaidh an lae ón gCoirnéal - á dtaispeáint acu go buacach. Is mó atá Cumann Lúthchleas Gael i riocht a dhéanta ná eagras ar bith eile cluichí. Ba cheart gur i nGaeilge a chraobhscaoilfí leath na gcluichí. Níl stró ar bith ina thaobh seo ar an Teilifís mar míníonn imeacht an chluiche é féin. Cluiche ar bith a thaispeántar in athuair, i nGaeilge ba chóir é a dhéanamh. Tá riail ag Cumann Lúthchleas Gael - riail leibideach de réir an leasa atá á bhaint aisti - gur i nGaeilge a bheas ainm agus sloinne na n-imreoirí. Breá, mar sin, go mbíonn siad i mBéarla freisin i scríbhinní oifigiúla? Níor fhéach Cumann Lúthchleas Gael riamh cur faoi deara do na páipéir nuachta, don Raidió ná don Teilifís, aird ar bith a thabhairt ar riail sin na n-ainmneacha. A gcuid slíomadóireachta nach mór a phoibliú agus a choinneáil poiblithe.

Fear céilí a chaithfeadh de riachtanas a bheith i nGaeilgeoir, agus sílim fós féin gurb é an céilí an t-aon chineál damhsa a cheadaíonn an Conradh go hoifigiúil faoina choimirce. Bhíodh an tábhacht chéanna dul ag céilí le Gaeilge a labhairt. Ba thábhachtaí le tuilleadh ná ceachtar acu sin dul ag cluichí Gaelacha agus gan dul ag aon chluiche eile. B'shin é an t-ord fiúntais.



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 11*

Ar bhealach eile, tá córas teireanna agus geas sách iomlán ag sáinniú an Ghaeilgeora. Níor thuig cuid dá lucht aitheantais riamh tuige nach dtiocfadh mo bhean sa Réalt ná sa Léigiún Mhuire. Tá Fáinneoirí go leor iontu sin. Tá freisin sa dá chomhbhráithreachas mhóra sa gCathair. Téann gach Gaeilgeoir uair ina shaol go Lourdes, go minic go Cnoc agus roinnt cuarta go Loch Dearg. Ní riachtanach ach is beag nach riachtanach do bhean, agus is inmholta d'fhear suaitheantas an staonaire. Suaitheantas staonaire agus Fáinne, dís a théann le chéile. Más Gaeilgeoir thú ar thaobh Fhianna Fáil atá tú, agus má tá tú i d'oifigeach i ngluaiseacht na Gaeilge is beag nach bhfuil tú de riachtanas i d'oifigeach i bhFianna Fáil. Is túisce a fheictear an Gaeilgeoir ag dul go Shelbourne ná go Dalymount. Más iarmhacléinn leis na hÍosánaigh thú, ní miste duit - go deimhin is inmholta duit - dul ag cruinnithe Gaeilge i gColáiste na Tríonóide.

Ní daoradh é seo ar cheachtar de na rudaí seo. Dáiríre, is rudaí inmholta iad seo uilig. Níl anseo ach iarracht ar phátrún a rianú, pátrún sóisialta Ghaeilgeoirí na Gluaiseachta.

Léigh cuid agaibh alt Róise Ní Mhistéil san **Irish Student** faoi dhuine ag foghlaim Gaeilge. Ní mór dom a rá gur réitigh mé le cuid mhaith ann. Ar ndóigh, an té atá ag foghlaim teanga - is cuma faoi láthair cén fáth é bheith á foghlaim - ní foláir dó uaireanta cleachtadh teangeolaíochta nó **linguistic exercise** a dhéanamh de. Is féidir é sin a dhéanamh sa tsaotharlann chomh maith is is féidir é a dhéanamh i gcomhthionól labhartha teanga, agus níos fearr, b'fhéidir. Ach sílim gurb é an rud céanna atá mise a rá a dúirt Róise ar bhealach eile.

Cuimhníonn sibh ar raic a bhí sa tSráidbhaile aimsir Uí Dhoirnín nuair a rinneadh agóid in aghaidh Faulkner, Aire na Gaeltachta san am.



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 12*

Scríobh seachtar nó ochtar as an áit chuig an bpáipéar ag daoradh na hagóide ina dhiaidh sin. Orthu sin bhí C.E.O., Ardmháistir Ceardscoile, Bráthair nó dhó, múinteoirí scoile. Cé hiad seo? Sa gcás áirithe seo, bhí ainm éigin acu orthu féin, ach d'fhéadfaí ainm eile a thabhairt orthu gan amhras, Coiste Áitiúil Chonradh na Gaeilge. Siad an cineál daoine iad, le roinnt eile a chur san áireamh - Cléireach Bainc, b'fhéidir, ceannfort sna gardaí síochána, sagart óg - ar dóigh dóibh Gaeilge a bheith acu i mbaile ar bith. Ach gur i ngeall ar Ghaeilge go háirithe atá siad in aon bhun amháin? Dá mbeadh fear oibre as Conamara, Gaeilgeoir, sa tSráidbhaile ar dhóide dó a bheith sa gcraobh sin? Nó dom féin? Agus seo iad craobhacha Chonradh na Gaeilge mórán ar fud na tíre. Is *milieu* sóisialta é. Gheobhaidh tú comhluadar do dhiongbhála ann. Is é an cineál áite é ar dual do leithéid Faulkner a bheith. Is furasta do dhuine a chur de dhallamullóg air féin gur i ngeall ar chúis atá sé ann. Sna bailte beaga, is tearmann cumasach é don chineál seo daoine, deis sheachanta agus imgabhála, **evasion**. Is fiú a thabhairt faoi deara a éasca agus a mhinice agus a leánn craobh mar seo de Chonradh na Gaeilge agus a thagann eagras éigin eile, eagras ar bith mórán, ina áit agus arb iad na daoine céanna, fear ar an bhfear agus bean ar an mbean, a bhíonn san eagras nua a bhí sa gConradh roimhe sin.

Bhi scéin agus buile dháiríre ar na daoine seo sa tSráidbhaile. Ní hé amháin nach bhfaca siad agóid mar seo á déanamh, ach ní fhaca siad agóid ar bith á déanamh ag cruinniú Gaeilge! Ní sin rud a dhéantar. Chuir duine acu cluas air féin ag éisteacht le beirt againn ag caint. Thiontaigh sé isteach ar chara leis. "Tá Gaeilge acu," arsa seisean, "i nGaeilge atá siad ag caint!" "Tuige gur ag Béarlóireacht atá sibh?" arsa duine acu liom. "Le cinntiú go dtuigfeadh an tAire muid," arsa mise.



"Ach táimid in ann an agóid a dhéanamh i nGaeilge agus más maith leat . . . " "Ó ná déan," arsa seisean, "ní dhéanfadh sé sin maith ar bith don Ghaeilge."

Ní bhíonn daoine easaontach le chéile ag cruinniú Gaeilge! Fianna Fáil ar fad a bhí sna daoine sin. Ní smaoineoidís go bhféadfadh duine a bheith ar a mhalairt, ní hé amháin ansin ach in aon áit eile. Is scata beag daoine iad agus *ghetto* den chineál is measa déanta acu díobh féin, *ghetto* na hintinne. Measaim gur seo é atá déanta ag an gConradh ar fad de féin. Taobh amuigh den Chonradh, nil aon slánú. "Tá sé breá go leor agaibhse a bheith ag caint ina suí suas ag cuntair tithe ósta," a deir Malachy, "ach tá mortabháil chúig mhíle duine ormsa. Cá raibh sibhse nuair a bhíomarna ag troid an L.F.M. i gCorcaigh, i bPort Láirge, i mBéal Átha na Sluaighe . . ." Ní hiad Conradh na Gaeilge, cuid Bhaile Átha Cliath ar aon nós, a throid i gCorcaigh ná i bPort Láirge. Maidir le Béal Átha na Sluaighe, ba scannal saolta nach ndearnadh aon troid. Pé ar bith cén troid atá ar siúl anois in Áth Eascrach, is fada amach uaithi an Conradh. Pé ar bith cén t-eolas a bhí nó atá acu ar na rudaí seo go léir, rinne siad scéal rúin de. Bua nó díomua sa gcás sin, ba iad féin a bhéarfadh buntáiste air. Bua, d'fhéadfaidís a rá agus deir gurb iad féin a bhain é. Díomua, d'féadfadh siad a rá gur bua a bheadh acu murach nár chuidigh na Gaeilgeoirí eile leis an gConradh. C'est magnifique, mais ce n'est pas la guerre. A n-íomhá atá ag cur imní anois orthu! Ní call dúinn a cheapadh choíchín go ndéanfadh siad an oiread callóide is a d'éigneodh méin na hÉireann le teanga a athrú.

Bhí Gael-Linn nua-aoiseach, gan marbhfháisc na róthraidisiúntachta, ná tuairimí agus claonta réamhdhéanta ina gcois faoi chrios orthu. Ach bhí dluí aisteach ann ó thús, na daoine

**Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae**

*leathanach 13*



céanna ag déanamh dhá leath dá ndúthracht, leath le hairgead a chnuasach agus leath ag plé le cúrsaí teanga. B'anshocair an saothar é. Ansin ghabh siad orthu féin mórchuid chúram Aireacht na Gaeltachta agus cuid de chúram an Roinn Oideachais i leith na Gaeilge. Gníomhairí Rialtais agus Gnóthaí Móra i ndáil le ar fad anois iad. D'éirigh siad an-réasúnach an-mheasúil agus an-airdeallach ar fad. Sí an cheist chéanna atá cách a chur: cén fáth gurb é Ósta Devoy agus nach é tigh Uí Néill a cheannaigh siad? Níl a fhios agam. Ba dhaoire ceann ná a chéile, b'fhéidir. B'fhearr an trácht ceann ná a chéile freisin. Ach an oiread le ceann ar bith eile de na heagrais Ghaeilge, dá n-imeoidís amárach, is ar éigean a thabharfaí a n-éagmais faoi deara. Agus is uafásach an rud le rá é sin.

Sé Glór na nGael an cineál iarrachta i mbaile a chuirfeadh óg agus aosta, saibhir agus bocht, fiú Gaeilgeoir agus neamhGhaeilgeoir ag saothrú i gcomhar agus i mbun cineálacha éagsúla saothair. Sé an cineál rud é a dhéanfadh áit chomh bródúil aisti féin i ngeall ar an nGaeilge agus a rinne Cumann Lúthchleas Gael áiteanna ar bhealaí eile. Is léir go gcaithfeadh gníomhaíocht a bheith ar siúl ag eagras, fiú mura mbeadh inti ach comhamhránaíocht. Seo é an t-uireasa atá ar a lán codanna agus craobhacha de Ghluaiseacht na Gaeilge. Ní bhíonn tada le déanamh acu nó ní dhéanann siad tada. B'fhearr don Réalt a bheith ag síorphaidreoireacht - ba ghníomhaíocht é sin - ná ag síoréisteacht le léachtaí. Ach b'fhearr do chumann é féin a dhíscaoileadh nuair nach bhfanann aon chuibheas ann agus nach léir dó céard atá ar siúl aige. An lá faoi dheireadh, scríobhadh chugam ó chumann Liteartha Gaeilge ag iarraidh cúnta le leabharlann a chur ar siúl i dTóraigh sa gcontae seo. Tuigim go mbíonn fuireach calaidh ar dhaoine ag dul go Toraigh nó ag teacht as tráthanna áirithe den bhliain. Tá mé

**Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae**

*leathanach 14*



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 15*

cinnte go bhfuil bealach éigin le go dtiocfaí chun fóirithinte orthu. Nó dá gcuideofaí le muintir Thoraí tionscal déanta deilbhíní de Bhalar na Súile Nimhe a bhunú.

An sampla deireanach seo. Níor fhág an marbh láthair. Tá go leor rudaí micheart le cúis na Gaeilge, le cúis na Gaeltachta, le cúrsaí Chúige Uladh, cuir i gcas, nó le cúrsaí na hÉireann. Tamall ó shin, léigh mé gurbh é an t-aon rún a ritheadh ag cruinniú den mharbh seo atá i láthair anseo, An Comhchaidreamh, rún ag éileamh ar Rialtas na Fraince ceart a thabhairt do na Briotánaigh agus dá dteanga . . .

Níor cheap mé gur rud iontach é go raibh a leithéid seo de ghluaiseacht ann nó gur thosaigh mé a scriobh seo agus ag cur mo smaointe i dtoll a chéile faoi. D'fhiafraigh mé díom féin cén fáth Conradh agus Comhdháil agus Comhchaidreamh a bheith ann. An freagra ab éigean dom a thabhairt orm féin gurb é an t-aon riachtanas a bhfuil siad ag freastal air, riachtanas an **social milieu** agus nach móide chor ar bith go mbeidís ann murach a neamhéifeachtaí beagmhaitheasaí is atá siad. Arae, dá mbeadh éifeacht ar bith iontu, chuirfeadh an éifeacht sin féin an oiread sin dlúis agus teannaidh leo go n-athróidís dá mbuíochas féin, mar nár mhór do mhéadú ar a n-éifeacht athrú ar a riocht. Tá cinnirí na Gluaiseachta ag rá caint mar "Irish language movement must be all things to all men." Ní gar an freagra abartha "Irish language movement has ended up by being nothing to nobody." Is fíor. Ach caithfimid an t-athrú a mholadh agus féachaint lena thabhairt chun críche.

Tá súil agam go nglacaimid uilig leis an méid seo, nach bhfuil i ndán don Ghaeilge faoi réim Fhianna Fáil ach an bás. Mura nglactar leis an méid sin, níl i ndán di ach an bás ar aon chor, agus is cuma. Sé an t-athrú nach mór a dhéanamh



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 16*

Éire a bhaint d'Fhianna Fáil agus dá leithéidí eile. An choraíocht a bhainfidh Éire d'Fhianna Fáil agus dá leithéidí, is féidir leis an gcoraíocht sin, ach muide á tapú anois, an Ghaeilge a thabhairt ar ais freisin do mhuintir na hÉireann. Ag deireadh an chéalacain in Ardoifig an Phoist le linn Chomóradh na Cásca, 1966, dúirt mé go gcaithfeadh an Ghaeilge a bheith páirteach go feidhmiúil feasta i gcoimhlint mhuintir na hÉireann le cuspóirí Fhorógra na Cásca a thabhairt i gcrích. Seo í Athghabháil na hÉireann, an Réabhlóid, réabhlóid intinne agus réabhlóid anama, réabhlóid i gcúrsaí maoine, seilbhe agus maireachtála, maireachtáil mar Ghaeil leis na rudaí is dual dúinn mar Ghaeil.

Ní mian liom níos mó a rá faoin gcéalacan sin, a bhí ar siúl freisin i mBéal Feirste, ach thaispeáin sé do mhuintir na hÉireann go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith fós ina harm tine agus ag tabhairt treorach dóibh. An pointe sin, níl a fhios agam cé ar mhó fuath iad Gluaiseacht oifigiúil na Gaeilge don LFM, ná don dream ar bhaist duine éigin go teagmhaiseach Misneach orthu. Bhí lucht Choiste Gnó an Chonartha ag dul thart ag fógairt go caithréimeach ina ngleic faoin easair fholamh: "tá siad ar lár againn anois."

Deirtear faoin gCraoibhín, ar fhianaise a thug sé féin, gur duine beagmhisniúil a bhí ann nach raibh sásta múisiam a chur ar aon duine. Ní mheasaim é. Samhlaigh duit féin an ndéanfadh Gluaiseacht na Gaeilge inniu fiú is fios cinnte a bheith aici roimh ré go mbuailfeadh sí, an troid a rinne an Craoibhín agus lucht na Gaeilge in aghaidh na n-easpag sa mbliain 1908-1909, nó fiú an troid in aghaidh Mhahaffy agus Atkinson.

Go dtí ríghairid ó shin, níor ghar a bheith ag caint ar Athghabháil na hÉireann, ar Phoblacht na nOibrithe. Bhí an smaoineamh sin ag neartú i 1932 san am a bhfuair Fianna Fáil ceannas ar an Rialtas. Ní raibh an Lucht Oibre i riocht aon dul chun cinn



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 17*

a dhéanamh in aghaidh Fhianna Fáil sna tríochaidí. Sa méid go raibh na poblachtóirí in ann freasúra ar bith a sholáthar, ba de bharr a shuímh é gur náisiúnaí iad féin ná Fianna Fáil. Bhí an Eaglais Chaitliceach ansin ag an rialtas le coinnealbhá a chur ar dhuine ar bith a thráchtfadh as a bhéal ar réabhlóid, ar shóisialachas, ar Athghabháil na hÉireann. Ní thráchtfaí ar Shéamas Ó Conghaile ag cruinnithe Gaeilge. Ní thráchtfaí air ach amháin i gcampaí géibhinn agus i bpriosúin. Tá sin athraithe cé nach go hiomlán é. Tá an domhan éirithe cleachtach ar chruth éigin nó a chéile den sóisialachas. Tiocfaidh sé in Éirinn luath nó mall. Tá sin cinnte.

Sé dualgas lucht na Gaeilge a bheith ina sóisialaigh. Siad lucht labhartha na Gaeilge sa nGaeltacht an aicme is dearóile agus is buailte den mhuintir seo againn in Éirinn. Is mar a chéile agamsa, an aicme sin, pobal na Gaeilge, a shlánú agus an Ghaeilge a shlánú. Ní féidir an slánú seo a dhéanamh ach le hAthghabháil na hÉireann - seilbh na hÉireann agus a cuid maoine uilig a thabhairt ar ais do mhuintir na hÉireann. Is ionann, mar sin, liom an Réabhlóid is gá chun na hAthghabhála sin agus slánú na Gaeilge. Mar sin, gníomh ar bith a bhorrfaidh le meanmna phobal na Gaeilge, is cuid agus cuid thábhachtach den Athghabháil é.

Tugann sibh faoi deara go mbainim leas as an bhfocal 'aicme' sách minic, focal is ionann agamsa agus class. Cuimhneoidh cuid agaibh ar an gclass warfare.

Bhí an smaoineamh seo teáltaithe i m'intinn sular fhág mé an Ghaeltacht ná ar chuala mé caint ar Mharx ná ar an gConghaileach ariamh. Thuig an Conghailech cás na Gaeilge. Dá mbeadh ní ba mhó eolais aige faoin nGaeltacht, tá mé cinnte go mbainfeadh sé leas as a cuid cúrsaí le neartú lena theagasc. Mar thar áit ar bith in Éirinn tá an t-



**Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae**

*leathanach 18*

idirdhealú aicmeach, an **class distinction**, suntasach sa nGaeltacht. Gheobhadh Marx, Engels agus Lenin cruthú breá ann ar a ndeimhne gurb iad an ardaicme agus lucht an rachmais, na **capitalists**, is túisce a thréigeann saoithiúlacht nó cultúr na muintire. B'ionann na boicht agus lucht na Gaeilge. Bhí an fuath aicmeach seo gríosta ionam i bhfad sular léigh mé an chéad fhocal den Chonghaileach ná de **Das Kapital**. Agus nuair a léigh, thuig mé ar an bpointe céard é. Agus tá seo amhlaidh sa nGaeltacht fós. Cén fáth nach mbeadh? Ní call do dhuine a dhéanamh ach breathnú ar an anbhás atá aicme an rachmais á imirt ar chultúr na muintire. An bhfuil an fuath aicmeach seo ag lucht rachmais na Gaeltachta do mo leithéidsa? Go cinnte, tá. Níl mise ach ag dearbhú an chogaidh aicmíochta. Tá na Petie O'Sheas, na Fullers agus óstáin na Rosann ag cur an chogaidh sin, á fheidhmiú go nimhe neánta ó lá go lá agus ó bhliain go bliain in aghaidh na haicme íochtair agus a gcultúir.

Ní hé amháin gur cóir do lucht na Gaeilge a bheith páirteach i gcogadh seo Athghabháil na hÉireann - is é an t-aon rud é ar fiú a bheith páirteach ann in Éirinn - ach is é ár ndualgas a bheith á chinnireacht agus á threorú. Bíodh an Ghaeilge ag stiúradh na réabhlóide, ar an gcaoi seo bíodh an Ghaeilge ar na smaointe is forásaí in Éirinn: is ionann sin agus slánú na Gaeilge. Sí an Ghaeilge Athghabháil na hÉireann agus is í Athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge. Sí teanga na muintire a shlánóidh an mhuintir. Mar sin, an áit is tréine an agóid, bíodh an postaer Gaeilge le feiceáil agus an gháir Ghaeilge le cloisteáil. An áit is tréine an dúshlán in aghaidh an rachmais, in aghaidh na héagóra, ar son na bhfann agus na mbocht, bíodh fáinne Gaeilge an Choirnéil le feiceáil agus leas á bhaint as anois nár shamhlaigh an Coirnéal ariamh.

Níl mise in ann a insint go mion cén chaoi le



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 19*

tabhairt faoin nGníomhaíocht seo, agus dá mbeadh féin, ní bheadh ionú agam anois. Má théann sé i gcion ar dhaoine go bhfuil riachtanas le hathrú mór, tá mé cinnte go dtuigfidh siad féin, ar bhealach níos fearr ná thuigimse, céard is cóir a dhéanamh agus cén bealach lena dhéanamh. Tá mé cinnte nach gníomhaíocht ná bealach ró-neamhchosúil le mo chuidse a bheas acu faoi dheireadh thiar. Tá cúpla leid agam. Beidh gnéithe diúltacha agus gnéithe dearfacha ag baint le gníomhaíocht ar bith, sílim. Tar éis gur gníomhaíocht náisiúnta, pholaitiúil, shóisialta agus gheilleagrach a mholaim, caithfimid cuimhneamh go gcaithfidh baint ar leith a bheith ag an gcion s'againne den saothar leis an nGaeilge. Mar fheicim an chuid seo den saothar, is éileamh ar chearta Cathartha do lucht na Gaeltachta agus do lucht na Gaeilge go forleathan a bheas ann. Éistfidh mé leis an nGaeltacht go fóilleach. Tá a trí nó a ceathair de bhealaí ar féidir tabhairt faoi ar fud na tíre. (I) an seanbhealach, is é sin aighneas agus argóint, litreacha a scríobh ag ranna rialtais ag iarraidh do chirt, rúin a chur i bhfeidhm, toscairí agus mar sin de. Ní dóigh liom go bhfuil mórán soilís sa mbealach seo a thuilleadh, ach amháin in éindí le friotaíocht fheidhmiúil, **active resistance.** Caithfear rud a chur as don Roinn Rialtais, don oifig, don chumann, nó pé ar bith céard atá i gceist. Rinneadh beagán de seo cheana i gcás na Gaeilge, ach is beag é. Suí síos, b'fhéidir, in oifig, nó taobh amuigh, scannal a fhoilsiú faoi Aire, nó ardoifigeach - "má tá an cuspóir ceart, tá modh nó meán a bhainte amach ceart" - tosú ag ithe lóin as cúl do ghlaice istigh san áit: tá céad bealach eile le ball séire a dhéanamh. É seo a choinneáil ar bun go rialta ach na hionaid a athrú. Billeoga a dháileadh ar an bpobal i gcónaí ag míniú do chúise, billeoga ar chóir dóibh a bheith scríofa agus leagtha amach go réasúnach.



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 20*

Bhí sé ag cinneadh orm féin foirm Ghaeilge a bhain le bás mo mhná a fháil ó Ardoifig an Phoist, cúpla bliain ó shin. Thug mé fógra dóibh agus lá cairde. Dúirt mé go ndéanfainn rud éigin, gan a rá céard é, mura bhfaighinn sásamh. Séard a bhí beartaithe agam dul isteach sa seomra áirithe ar bhain mo chás leis, Seomra an Bhanc Taisce, cúpla mála mór leabhar a thabairt isteach liom, tosú ag léamh agus ag scríobh ag an mbord agus gan imeacht nó go ngabhfaí mé. I gcás go mbeadh cead mo choise agam tráthnóna suí ag an doras. É seo a choinneáil seadaithe. Chuir siad scéala chugam roimh an lá cairde go raibh aithne ag Aire éigin orm agus gur mise an duine a bhí i gceist, agus mar sin, nár chall an fhoirm in aon teanga anois! Níorbh fhéidir an scéal a chur níb fhaide.

Den ghné seo freisin na picéid. Tá sé de dhualgas orainn óstáin scannalacha seo na Gaeltachta a choinneáil poiblithe nó go mbeidh siad ina ndeargscannal i mbéal chuile dhuine. Ach ná bí ag dul ar chuile phicéad. An té a fheictear ar chuile phicéad, níl maith ann ar aon phicéad. Is fíor a rá nach bhfuil ann ach duine atá ag dul ar phicéad ar mhaithe le bheith ar phicéad.

Tá an cur isteach nó an t-idirbhearnú in áiteanna poiblí an-chumasach freisin, ach é a dhéanamh go stuama, agus gan é a dhéanamh faoi dhó ar an mbealach céanna. Caithfear Airí nó daoine eile a thiocfas ag clabaireacht agus ag sioscadh bréag ag tionóil a dhéanamh chomh míshocúil is gur fearr leo fanacht sa mbaile ná seansáil an fhírinne a chur as a riocht.

Tá súil againn go bhfuilimid réidh leis an achainí agus an síniú leibideach. Mar sin féin, d'fhéadfadh fónamh áirithe a bheith sa rud seo scaití, mar thaispeáin an Fhrithachainí.

Caithfidh gluaiseacht na Gaeilge a bheith chomh glic leis na sionnaigh, chuile eolas a bheith againn faoi chuile dhuine, chuile rún a bheith



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach 21*

againn, chuile rún bán, breac, balbh a bheith againn as oifig an Choirnéil chomh maith le as oifigí an Rialtais. Ach caithfimid foscadh a bheith ionainn i dtaobh fhoinsí an eolais. Sin rud nach bhfuil i gcuid againn. Ba é buille na spéartha in aghaidh an LFM an t-eolas a fritheadh ar ghnátha mí-shóisialta a gcinnire. Dá mbeadh sracadh ar bith i ngluaiseacht na Gaeilge anois, bheidís in ann iad féin a chur i bhfeidhm ar Chumann Lúthchleas Gael sa gcaoi nach ligfidís cluichí móra, Craobh Chonnachta anuraidh, cuir i gcás, a imirt i mBéal Átha na Sluaighe. Chaillfeadh an baile sin na mílte punt. Nuair atá baile ag cailleadh na mílte punt, diabhal an miste leo céard a dhéanfaidh dlíodóirín salach an LFM. Ach níor chuimhnigh Gluaiseacht na Gaeilge fiú amháin ar a leithéid, rud a thaispeánann, pé ar bith céard iad, nach gluaiseacht Ghaeilge iad.

Cheana féin tá eagras ag baint feidhme as an nGaeilge le cúrsaí réabhlóide a chraobhscaoileadh. Caithfear go leor eile a dhéanamh: saothar Mhic Chonghaile agus Uí Leathlair a aistriú faoi chóir na Gaeltachta, Irisleabhar Príosúin Sheáin Mhistéil a chur amach arís agus cuid eile dá shaothar a aistriú. Ba chóir caint nó trácht thábhachtach ar bith a chur amach ina leabhrán agus é a dhíol nó a dháileadh, go háirithe sa nGaeltacht.

Is dóigh liom gur cóir cuimhneamh ar stáisiún rúnda Raidió. Taispeánaimis gur san aimsir chaite amháin is féidir a bheith ag caint ar útamáil dhall lucht na Gaeilge.

Ní mór an cineál agóide a thoghadh go hairdeallach. Is fearr d'agóid ceann nach le Gaeilge go hiomlán a bhfuil baint aici ach a gcuirfeadh an pobal nó cuid den phobal thairis sin spéis inti. Ach más agóid i dtaobh Gaeilge a thoghfar, is cóir a bheith cinnte nach tionscnamh duine amháin nó beirte é, go bhfuil seans ann go bhfaighidh sé tacaíocht agus gur féidir é a ghnóthú. Ní agóid



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

*leathanach* 22

den sórt sin í an ceann atá ar siúl faoi fhoirmeacha árachais gluaisteán i nGaeilge. Níl na comhlachtaí árachais ag iarraidh árachas gluaisteáin. Duine ar bith a bhí faoi smál timpiste, ní bheadh aon ghlacadh ag aon chomhlacht eile leis ach an ceann a raibh sé ann. Níor bhua ar bith athrú ó chomhlacht go comhlacht, ar aon nós. Dá mbeifeá loighiciúil leis an scéal, chaithfeá caingean a choinneáil go brách nó dhéanfaí dóigh mhagaidh díot agus bheifeá féin ag déanamh éagóra ar dhaoine gan leanúint dó go dtí an chríoch loighiciúil.

Agus tá, mar a déarfá, an agóid chruthaitheach ann arbh fhearr mar ainm uirthi an Gníomh Cruthaitheach. Gníomh mar sin anois ba ea baile mór suainleasa nó **dormitory town**, ceann Gaeilge, a bhunú faoin tuath, i bhfoisceacht fiche míle nó cúig mhíle dhéag de Bhaile Átha Cliath. I mBaile Átha Cliath a bheadh na háitreabhthóirí ag obair, ach thiocfadh tionscal sa mbaile féin leis an aimsir. An baile seo a bheith ina chumraíocht ar ár n-aisling, baile Gaeilge, baile comharchumannach, baile comhionannais, macalla ó Rath Ailín, macalla ó aisling Uí Leathlair, an Phiarsaigh agus Mhic Chonghaile. Baile a n-oileoimis ann *cadres* Ghaeilgeoirí óga na Réabhlóide.

Agus teastaíonn a leithéidí de ghníomhartha eile sa nGaeltacht. Láthair thionscail i Ros a Mhíl, cuir i gcás, i lár Dheisceart Chonamara. Beidh caladh tábhachtach ansin go gairid. Ar an áit seo is córa foras dul agus ní ar an gCeathrú Rua. Caithfear an pholaitíocht bhrocach atá ag iarraidh chuile rud a chlaonadh chun na Ceathrú Rua a chur ó rath.

Tá an iomad bealaí ar féidir an cruinniú, an picéad, an t-idirbhearnú cainte, ceangal do ráillí, an céalacan, an síneadh siar, a oibriú. Le réabhlóid na hintinne a chruthú, caithfear dúshlán na rudaí gan fiúntas uilig a thabhairt, abairt leanbaí an lae, agus rud chomh leanbaí céanna, an Novel a day i gceann de na páipéir nuachta. Caithfimid na bealaí



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae

agóide is rathúla, teicníc na hagóide agus na réabhlóide, a fhoghlaim. É a fhoghlaim i gcainteanna, i bhfoilseacháin, i seimineáir, ó thaithí na gníomhaíochta féin. Eagar, eagar stuama is call do shlánú na Gaeilge.

Is cineál agóide toghchán. Tá cur síos agam in Comhar (Meán Fómhair 1969) ar an toghchán i nGaillimh Thiar. Ní déarfaidh mé faoi anseo ach gur thosaíomar gan phingin airgid, gan aon eagar ná aon eagras arbh fhiú trácht air, gan aon eolas againn ar chúrsaí toghcháin, sa Dáilcheantar is duibhe Paisleyúla Fianna Fáil sa tír, gur thugamar linn cuid den Ghaeltacht, gur chuireamar muid féin i gcion ar bhaile mór na Gaillimhe gur bhuaileamar ceathrar iarrthóirí ar iar-Mhéara ar Ghaillimh duine acu. Is féidir an 1500 a dhúbailt gan stró. Tá teagasc sa méid sin. Má tá lucht na Gaeilge in ann borradh le gearáin seachas rudaí faoi Ghaeilge féin, agus fiú cúpla míle vóta a fháil i roinnt Dáilcheantar, beidh siad in ann comhardacht na gconlán a chur droim ar ais. Táimid ag súil go dtosóidh Tír Chonaill, Maigh Eo agus Ciarraí ar an gceird chéanna.

Ní mholaim ná ní cháinim imeachtaí úrdhlithiúla, a sháródh an dlí. Ba dona an lá é nárbh fhiú le hÉireannaigh braon fola a thabhairt ar son na Gaeilge. Ní thiocfaidh an lá sin. Tá rudaí áirithe ann is fiú go mór ná poist, measúlacht, saoirse agus ná an bheatha féin. Caithfear féachaint chuige ar ais nó ar éigean nach ndéanfar aon óstáin eile sa nGaeltacht nach i seilbh na ndaoine a bheas agus nach ndéanfar ann ach óstáin Ghaelacha feasta. Go n-éireofar as díol na talún sa nGaeltacht, as cead díol ar láithreáin tí; má bhíonn talamh le díol feasta gurb é d'Aireacht na Gaeltachta nó do Bhord ar leith a thairgeofar é agus a chead aige sin é a dhíol le Gaeilgeoirí nó é a ligean ar cíos leo. Ar a mhalairt is airgead diomailte ar fad, slad ar mhuintir na hÉireann, a



# Gluaiseacht na Gaeilge gluaiseacht ar strae



bheith ag caitheamh aon airgead poiblí ar an nGaeltacht. Gan chumhachtaí mar a mholaim, agus iad á bhfeidhmiú go géar agus go hiomlán, níl i ndán don Ghaeltacht í a fhuascailt. Ag iarraidh an fhadhb seo a sheachaint a dúirt Pateen bréan Faulkner nach **preserver** a bhí ann féin ach **developer.** Tá cumhacht mar a mholaim infheidhmithe sa mbaile mór agus fiú in áiteanna faoin tuath. Caithfear cur faoi deara é seo a dhéanamh, is cuma cé a chaillfidh leagan leis. Is tábhachtaí oidhreacht an náisiúin ná scrupaill mhorálta leithéidí Phateen bhréan agus lucht maoine agus Thaca.

Is maith an rud an bhagairt a dhéanamh in áit uaireanta, agus í a fheidhmiú in áit eile. Is bealach eile í an easumhlaíocht shíochánta, **passive resistance.** Ag cuimhneamh a bhí mé ar an bhfoirm sin di a dtiontófá an leiceann eile chuig an mbuille. B'fhearr é seo i gcás cúirte, measaim, ná a bheith ag cur ar do shon féin agus ag insint cén fáth a ndearna tú an cion. Gan rud ar bith a chur ar do shon féin ach iarraidh an pionós a ghearradh ort agus gan chóir ná cothrom ar leith a iarraidh. Is dóigh liomsa gur mó a scrúdódh iompar umhal ceansa den sórt sin an chúirt agus an pobal chomh maith le chéile ná raic i dtaobh cheart na Gaeilge a bhfuil deilín leibideach déanta de ar chaoi gur lú é tuiscint an phobail faoi anois ná riamh.

Cumasc de na modhanna sin ar fad is gá. I dteannta a chéile is fearr iad. Ba mhaith liom a chreidiúint dá mairfeadh an Conghaileach gur seo é an cineál foráis a thiocfadh ar a chuid smaointe.

Is Arm Cathartha Gaeilgeoirí ar son na Gaeilge agus ar son na hÉireann a theastaíos anois.

# *Bíodh misneach againn*

***Teachtaire é seo a bheas ag dul chuig na daoine aonraic sin gach áit sa tír atá ag baint ceart amach dóibh féin mar Ghaeilgeoirí...***

***Is iad seo an aicme Gaeilgeoirí is tábhachtaí sa tír, an dream atá ag troid lena saol féin a Ghaelú, an dream ar sárú coinsiasa dóibh glacadh le Béarla i gcúrsaí Stáit nó Eaglaise. Siad is tábhachtaí sa tír mar is uathu a thiocfaidh an réabhlóid a shlánós an Ghaeilge. Is réabhlóidithe iad na daoine seo. Tuigeann siad gur nimh d'anam na tíre an status quo. Cuireann siad in aghaidh rud ar bith nó dream ar bith atá ag obair in aghaidh na réabhlóide. Tá siad sásta úsáid a bhaint as chuile bhealach atá riachtanach agus nach sárú coinsiasa é, chun an réabhlóid a thabhairt chun críche. Is daoine tuisceanacha iad. Tuigeann siad nach bhfuil aon bhealach eile.***

***Maireann an dóchas fós, mar go maireann an Ghaeltacht - má's ar éigean é. Ní mhairfidh an Ghaeilge gan an Ghaeltacht, ach ní mhairfidh an Ghaeltacht ach oiread gan an Ghaeilge ar fud na hÉireann. Sé sin, tá an dá rud i dtuilleamaí a chéile. Ar an Rialtas agus ar an Eaglais is troime atá an dualgas an Ghaeltacht atá fós ann a choinneáil beo. Loic siad sa dualgas sin go dtí seo Ar an nGaeilgeoir aonair sa Ghalltacht, áfach, a luíonn cuid mhór den dualgas an Ghaeilge a leathnú ar fud na Galltachta. Loic seisean freisin go dtí seo, de ghnáth, mar nár cheap sé gurbh fhiú a bhféadfadh sé féin a dhéanamh. A chruthú dó gur fiú é, a spáint dó gur gá agus gur féidir é an obair a bheas an teachtaire seo ag déanamh ar fud na hÉireann. Is obair í seo nár dhein aon ghlúin go dtí seo agus nach féidir le aon ghlúin a dhéanamh feasta, mar a ndeineann an ghlúin seo í.***

***Máirtín Ó Cadhain***



*"Is í an Ghaeilge Athghabháil na hÉireann, agus is í Athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge"*

**Athfhoilsiú é seo ar an phaimfléad chlúiteach a chuir Misneach amach i 1970 inar léirigh an Cadhnach tuairimí láidre faoi na heagraíochtaí éagsúla a dhéanann gluaiseacht na Gaeilge. Is tábhachtaí a chaint agus is léire a aisling inniu ná riamh.**

Foilsiú Feirste

Foirgneamh Abhainn Bhearach,
108 Bóthar Bhaile Andarsan,
Béal Feirste BT11 9BX